Leanfaidh na hIniúcháirí, Hayden Brown, Cuntasóirí Cairte, in oifig de réir Alt 160{2} d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

### 7. Ráiteas De Fhreagrachtaí Na Stiúrthóirí

Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí ar an stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar bhrabús agus ar chaillteanas na cuideachta don tréimhse sin. In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, caithfidh na stiúrthóirí:-

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhleanúnach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- Ráiteas airgeadais a ullmhú ar bhunús gnóthais reatha murar míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an cuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a nochtaíonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó míri-altachtaí eile a chosc agus a bhrath.

### 8. Leabhair Chuntais

Is iad na bearta atá glactha ag na stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais Alt 202, d'Acht na gCuideachtaí, 1990, maidir le leabhair chuntais chuí a choimeád ná feidhmiú na mbeartas agus nósanna imeachta is gá chun idirbheartaíochtaí a thaifeadh, pearsanra cuntasaíochta inniúil leis an saineolas cuí a fhostú agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar na leabhair chuntais ag an gCeoláras Náisiúnta, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.

Arna shíniú thar ceann an bhoird



**David Byrne**  
Stiúrthóir

**Dermot Egan**  
Stiúrthóir

Dáta: 24ú Márta 2011

## RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Is cúis áthais dom a thuairsiú sa Tuarascáil Bhliantúil seo, an cúigiú ceann agus an ceann deireanach uaim i dtéarma oifige cúig bliana an Bhoird reatha, gur éirigh thar barr arís leis an gCeolarás Náisiúnta le linn na bliana, bliain a raibh dúshlán mór ag baint leis, ó thaobh na heacnamaíochta agus na meitéareolaíochta de. In Eanáir, Samhain agus Nollaig na bliana 2010 thit sneachta trom ar an tír agus in Aibreán

chuireamar suas le scamaill an luaithreamháin bholcánaigh ach d'éirigh linn curiarracht a shárú agus 834 imeacht a chur ar siúl sa Cheoláras le linn na bliana. Bhí iomlán de 318,667 duine i láthair in 2010 agus ní raibh ansin ach beagán níos lú ná curiarracht na bliana roimhe sin. Bhí díolachán an-bhuacach as an díolofig de €7.13 milliún. Sháraigh na torthaí airgeadais ionchas an Bhoird arís agus léirigh siad feidhmiú bainistíochta an-láidir. I mbliain inar laghdaíodh caiteachas tomhaltóirí go mór, chláraigh an Ceoláras Náisiúnta brabach de €183,663.

I measc buaicphointí na léirithe ceolfhoirneacha sa bhliain atá caite bhí na cuairteanna ón Hallé Orchestra, Luxembourg Philharmonic Orchestra, London Symphony Orchestra agus Philharmonia Orchestra, chomh maith le bliain eile de thaibhithe den scoth ónár gCeolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ agus ár gCeolfhoireann Ceolchoirme RTÉ.

Thug ealaíontóirí ceoil a bhfuil cáil dhomhanda orthu cuairt orainn freisin, agus ina measc bhí Lang Lang, Sarah Chang, Janine Jansen, Midori, Finghin Collins, Angela Hewitt, Ivo Pogorelich, Tasmin Little, Paul Lewis, Anne-Sofie Von Otter agus Cecilia Bartoli.

Bhí léirithe eile san áireamh i mbuaicphointí an chláir, leithéidí 6ú Comórtas Amhránaíochta Idirnáisiúnta Veronica Dunne, Ronan Tynan, Brian Kennedy, Philip Glass, The Beach Boys, Tom Paxton, Arlo Guthrie, John O'Connor, Jools Holland and his Big Band, Kenyan Boys Choir, chomh maith leis na ceoldrámaí Madama Butterfly, La Traviata agus The Mikado. Rinne an Ceoláras Náisiúnta comhléiriú le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ ar cheolchoirm charthanachta i gcomhair Haiti agus bronnadh na fáiltais ar íobartaigh an chreatha talún.

Lean an Ceoláras Náisiúnta lena chlár ceoil chomhaimseartha agus chuidigh le tionscadail ceoil i dtaca le grúpaí éagsúla, ina measc Irish Composers Collective, NewSoundWorlds, Crash Ensemble, Roger Doyle mar chuid d'Fhéile Imeachach Bhaile Átha Cliath agus Contemporary Music Centre chomh maith le sárthaispeántas a dhéanamh de shaothar

nua le cumadóirí Éireannacha agus tacú le lucht tallainne na hÉireann atá ag teacht chun cinn sa cheolchoirm 'Rising Star' i mí Eanáir.

Thosaigh an tsraith ESB Live sa Bhealtaine, le léiriú fíorghairthe de chuid Julie Feeney agus a Ceolfhoireann agus ina dhiaidh sin i Meán Fómhair le léiriú de chuid Dervish le haíonna speisialta Moya Brennan, Martin Hayes, Dennis Cahill agus Damien Dempsey. Chuir Cerys Matthews and Afro Celt Sound System clabhsúr ar an tsraith i mí na Samhna.

Lean an Ceoláras Náisiúnta lena gceolchoirmeacha le haghaidh na Féile Pádraig agus san áireamh bhí léirithe de chuid Bhanna Céilí Chill Fhionnúrach agus Kodo Drummers. Bhí tionscnamh píolótach nua ar leith ar siúl faoi Nollaig, ar tugadh Soilse na Nollag air, inar cuireadh ealaíontóirí ceoil agus ionstraimithe i láthair agus iad i mbun taibhithe ar feadh sé lá, imeacht a raibh an-rath air.


I Meán Fómhair, chuir an Ceoláras scannán Fritz Lang 'Metropolis', a rinneadh in 1927, i láthair agus é á thionlacan ag ceolfhoireann faoi stiúir Helmut Imig.

Rinne an Ceoláras Náisiúnta ceiliúradh ar Sheachtain Náisiúnta na hEolaíochta freisin le léiriú de 'Apollo' le Brian Eno agus é curtha i láthair ag Icebreaker and BJ Cole.

Reáchtáladh The Friends Opera Gala i mí na Samhna 2010 agus léiríodh ceolchoirm leis an soprán Nathalie Manfrino. D'éirigh thar barr arís i dtaca leis an lucht éisteachta óg le sraith ceolchoirmeacha an 'Snowman Movie' a cuireadh ar siúl i mí na Nollag leis an reacaire agus an láithreoir teilifíse páistí Brian Ormond. D'éirigh go barr bata i measc an lucht éisteachta óig le léiriú lánstáitithe de Beauty and the Beast de chuid Disney.

Chomh maith leis na ceolchoirmeacha sin, bhí an Ceoláras ina óstach do mheascán ilchineálach de léirithe éagsúla, leithéidí ceoldrámaí, cóir, ceadail orgáin, ceol traidisiúnta, mórghanaí, snagcheol, ceol domhanda, ceol pobail, ceolsiamsaí agus imeachtaí do pháistí.

Cuireann an Ceoláras Náisiúnta an-bhéim ar obair fhoirne, ar iontaobhas agus ar ionracas agus tá bród orm a rá go ndearna an bhainistíocht na tréithe sin a neadú go foirmeálta i gcultúr eagraíochta an Ceolárais trí chlár cleachtas bainistíochta den scoth a fhorbairt don Ceoláras Náisiúnta. Is éard a bhí i gceist tacar cleachtas bainistíochta a bhí



- 1. The Beach Boys
- 2. Julie Feeney
- 3. Damien Dempsey
- 4. Jools Holland



ábhartha don Cheoláras Náisiúnta a fhorbairt sa chaoi go ndéanfadh íochtaráin a mbainisteoirí agus a saoirí uile san eagraíocht a mheas go rúnda maidir le húsáid na gcleachtas sin. Thar thréimhse ama ceadóidh an clár don Bhord agus dá fhoireann bhainistíochta shinsearach monatóireacht a dhéanamh ar chultúr na heagraíochta de réir mar atá sé ag teacht chun cinn.

Rinne bainistíocht an Cheolárais Náisiúnta dearadh ar chláir eile chomh maith, a dtugtar 'TeamWorks' air, a spreagann a chuid fostaithe smaointe nó moltaí nuálacha a ghiniúint a chuirfidh feabhas ar phróisis oibríthe. Spreagann an clár sin rannpháirtíocht na bhfostaithe, neartú na foirniúlachta agus forbairt foirne, smaointeoireacht chruthaitheach agus feabhsú leanúnach ar an aonarán agus ar an eagraíocht araon agus tá áthas orm a thuairiscíú go raibh rath thar na bearta air.

Molann an Bord treallús, spiorad agus tiomantas na foirne bainistíochta agus iad dírithe ar thús cadhnaíochta maidir le forbairt eagraíochtúil trí chultúr na foghlama leanúnaí, an fheabhsúcháin, na forbartha agus an fháis a chruthú ina gcuidítear do gach ball foirne a chuid scileanna agus a thallann a fhorbairt.

In 2010, léirigh clár Learn & Explore an Cheolárais Náisiúnta 355 imeacht ar an láthair agus 259 imeacht lasmuigh den láthair. Chuir an Ceoláras raon leathan de dheiseanna cláraithe agus foghlama ar fáil do sheandaoine, do pháistí, do chlanna, do scoileanna agus do mhúinteoirí, do dhaoine le riachtanais speisialta orthu, do cheoltóirí agus do mhic léinn ceoil.

Leanadh agus cuireadh leis an tionscadal ceolfhoirne Blow the Dust in 2010, tionscadal a spreagann cruthaitheacht, gníomhaíocht agus neartú na foirniúlachta sna ceoltóirí aosta. I measc na mbuaicphointí bhí léiriú i stáisiún Heuston i mí Aibreáin le haghaidh lainseáil fhéile na Bealtaine agus ceolchoirm faoin aer i gCearnóg Theach an Tionóil i mí Iúil ar son Summer Sensational, féile Iontaobhais Chultúrtha Bharra an Teampaill.

D'éirigh leis an gCeoláras freisin maoiniú Thuaidh/Theas a fháil, a raibh comhoibriú idir an ceolfhoireann agus an cumadóir Neil Martin agus an West Ocean String Quartet i gceist leis agus iad i mbun ceardlann agus cleachtaí oscailte sa Cheoláras Náisiúnta agus sa Waterfront Hall i mBéal Feirste.

Lean an Ceoláras le sraith ceardlann a thairiscint do pháistí óga agus dá dtuismitheoirí agus do pháistí níos sine, agus foghlaim phraiticiúil faoi

stíleanna, rithimí agus éagsúlacht na n-uirlisí ceolfhoirne á spreagadh. Cuireadh le haoisraon na bpáistí sna campaí samhraidh a bhí sa raon 7-9 roimhe seo agus tugadh isteach Songschool do cheoltóirí óga agus scríbhneoirí amhrán idir 13-17. Thug an Ceoláras tacaíocht d'oidreachas ardchaigdeáin sa cheol ar fud na hÉireann agus san áireamh bhí Meitheal, an scoil shamhraidh cheoil thraidisiúnta i Luimneach, an fhéile Samhlaíocht i gCiarraí, an tsraith Con Brio i Sligeach, Adventures in Music i nGaillimh, Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy i nDún na nGall agus obair an WhistleBlast Quartet i Maigh Eo.

Rinne clár téad an Cheolárais Náisiúnta meantóireacht shaineolach a chur ar fáil go leanúnach do scoileanna a raibh a dtionscadail ceolfhoirne phobail acu agus leathnaigh sé amach go scoileanna breise i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Cill Dara. Chuir an Ceoláras clár traenála cúig lá ar fáil do mhúinteoirí bunscoile chomh maith le cuairt a thabhairt ar sheacht gcontae leis an tionscadal 'Up the Tempo'. Cuireadh clabhsúr ar an tionscadal leis an gclár cónaitheachta do bhunscoileanna, le ceardlanna agus le traenáil múinteoirí saor in aisce, tar éis dó cuairt a thabhairt ar gach contae in Éirinn le cúig bliana anuas. Tairiscíodh léirithe speisialta de Shaothair Dhualgais as Siollabas Ceoil na hArdteistiméireachta, chun léargas úr a thabhairt ar na saothair do dhaltaí agus do mhúinteoirí araon.

Tá an Ceoláras Náisiúnta ag tacú go fóill leis an obair mhaith atá á déanamh ag an ealaíontóir fuaimne Slavek Kwi in Ospidéal Sráid Temple agus i Scoil Naomh Deaglán agus é i mbun oibre le páistí atá ar speictream an uathachais. Chomh maith leis sin, cuireadh ceardlanna ceoil idirghníomhacha ar siúl in aghaidh na míosa sna trí phríomhospidéal páistí in Éirinn leis an gclár Kids Classics. I gcomhpháirtíocht leis an Waterford Healing Arts Trust (WHAT), thug an Ceoláras Náisiúnta tacaíocht do chláir mhíosúla ceoil in Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge le haghaidh othar san Aonad Scagdhéilú Duáin. Chuireamar ceardlanna for-rochtana démhíosúla ar fáil freisin le haghaidh grúpaí a bhfuil riachtanais speisialta orthu, Enable Ireland agus St. Michael's House san áireamh.

Lean an Ceoláras Náisiúnta le dul i ngleic le mic léinn ceoil agus le ceoltóirí amaitéaraigh trí raon imeachtaí. Bronnadh an chéad 'Bernadette Greevy Bursary for Singers' agus tugadh duais de €5,000 chun forbairt cheoil a chur chun cinn. Bhronnamar freisin an 5ú gradam bliantúil dar teideal Deis Choimisiúnaithe do Chumadóirí Óga Jerome Hynes, a thug deis do cheoltóirí óga a gcuid tallann a thaispeáint. Chuir an Ceoláras clár 'Clinicí Córchantana' ar siúl chomh maith a chuir le



1	2
3	4

1. Vladimir Ashkenazy
2. Anne Sophie Von Otter
3. Cecilia Bartoli
4. Valery Gergiev



scileanna na gcórchantairí amaitéaracha agus a spreag dea-chleachtas agus sárthaibhíthe i measc phobal forleathan na gcórchantairí in Éirinn. Leanaimid orainn ag tabhairt deiseanna do cheoltóirí óga agus don phobal foghlaim ó na máistrí inár sraith d'ardranganna a bhfuil an-tóir ag an bpobal orthu.

Tá áthas orm a thuairisciú gur lean an Ceoláras Náisiúnta le feabhas a chur ar a chuid áiseanna teicniúla ar mhaithe leis na pátrúin, na tionscnóirí agus na taibheoirí araon, le linn na bliana 2010. Chuir uasghrádú ar an ngréasán soilsiú léirithe ar mhórscála córas soilsithe LED ar leibhéal tionsclaíochta ar fáil sa phríomh-halla, rud a chuireann go mór le luach léirithe na n-imeachtaí agus a chuidíonn le ceol-choirmeacha atá níos sofaisticiúla ó thaobh na teicneolaíochta de ar fáil. Díothaíonn sé aon phriacaíl maidir le sábháilteacht agus sláinte chomh maith, rud a bhí i gceist leis an gcóras a bhí ann roimhe nuair arbh éigean fócasáil a dhéanamh le lámh ag leibhéal ard. Comhlánaíodh an cur i bhfearas sin le lampaí cianrialaithe le comhláí soghluaiste a cheadaíonn rochtain ar an toirt ar roghanna éagsúla soilsithe ar stáitse. Fuarthas trealamh micreafóin speisialta a cruthaíodh lena úsáid le téada agus gaothuirlisí achmaid chomh maith le trealamh taifeadta digiteach ilríada a cheadaíonn taifeadadh digiteach ón bpríomhdheasc fuaimne agus ar féidir é a athmhéascadh go digiteach agus a mháistreacht sa stiúideo. Osclaíodh beár caife taobh amuigh ar chéimeanna tosaigh an Cheolárais le linn na bliana a chuireann le heispéireas proinneach na gcuairteoirí agus na bpátrún trí bhiaclár saincheaptha a thairiscint alfresco ar feadh an lae.

Le linn 2010, bhí méadú ar an lucht éisteachta ina sprioc lárnach againn agus bhí méadú suntasach ar líon na gcuairteoirí céaduaire. Chuidigh leathnú chlár na n-imeachtaí agus méadú na ngníomhaíochtaí seachtracha go mór le lucht éisteachta nua a mhealladh.

Chiallaigh an toradh ar thaighde custaiméirí gur coinníodh luach ar airgead chun tosaigh i straitéis phraghsála an Cheolárais agus chuidigh sé gur leanamar leis an mbeart 'áiríthint gan táille' leis an gCeoláras a bheith inrochtana ag cách. Bhí an Ceoláras Náisiúnta bródúil as bronnadh gradaim ríomhsheirbhísí rialtais air in 2010 de bharr a chainéil díolacháin ar líne [www.nch.ie](http://www.nch.ie), a léiríonn an borradh faoin ngníomhaíocht áiríthinte i measc cuairteoirí agus daoine ar líne le linn na bliana. Bhí dúshlán ann maidir le hurraíocht chorparáideach in 2010 de bharr an chúlaithe eacnamaíochta go ginearálta agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dár gComhlaigh Chorparáideacha a choinnigh gan teip le tacú an Cheolárais.

Tá ról an-tábhachtach fós ag Cairde an Cheolárais Náisiúnta maidir linne agus bhíothas ag cur thar maoil de ghnáth le linn na n-imeachtaí éagsúla a cuireadh ar siúl go speisialta don ghrúpa sin. Ní dóigh go mbeadh an oiread sin imeachtaí ar siúl murach an tacaíocht láidir ónár gCairde.

Ba mhaith liom an tacaíocht raidhsiúil a fuarthas ón Rialtas agus go háirithe ón Aire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, Mary Hanafin a admháil agus buíochas a ghlacadh leo araon as a n-inspreagadh agus a dtreoir.

Is cúis díomá é nach raibh an Rialtas in ann dul ar aghaidh leis an tionscadal faoin gComhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí chun athfhorbairt a dhéanamh ar an gCeoláras Náisiúnta de bharr cúinsí eacnamaíochta. Táim dóchasach, i gcuideachta an Bhord Stiúrtha agus an OPW, gur féidir linn tionchar a bheith againn ar an Rialtas agus sinn ag moladh go ndéanfaí athchóiriú ar an halla éisteachta atá ann faoi láthair agus a dteastaíonn athchóiriú riachtanach go práinneach uaidh agus go ndéanfaí athfhorbairt ar spás níos lú 500 suíochán le haghaidh ceadal.

Chuaigh Stiúrthóir an Cheolárais Náisiúnta, Judith Woodworth, ar scor i ndeireadh mhí na Nollag de bharr easláinte. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt di le meas agus le buíochas as an gcion tairbhe anmhór a rinne sí agus as a ceannaireacht sa Cheoláras le linn a téarma oifige agus ba mhaith liom mo dhea-ghuá a thabhairt chuig Judy don todhcháí.


Ba mhaith liom clabhsúr a chur ar mo ráiteas mar Chathaoirleach le moladh a thabhairt arís do mo chomhstíúrthóirí as a ndíograis agus a mórchroí aigne agus iad ag caitheamh a gcuid saineolais agus a gcuid ama leis an gCeoláras. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh go háirithe leis an bhfoireann bainistíochta shinsearach a riar an Ceoláras le linn don Stiúrthóir a bheith as láthair de bharr easláinte in 2010 agus lena bhfoireann as gach a bhfuil bainte amach acu agus as bliain an-rathúil eile a chur díobh.



**David Byrne**  
An Cathaoirleach

Dáta: 24ú Márta 2011

# CAIRT EAGRÚCHÁIN



## TUARASCÁIL NA N-INIÚCHÓIRÍ

### **Chuig comhaltaí an Cheolárais Náisiúnta**

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 10 go 15 a hullmhaíodh faoi choinbhínsean chostas stairiúil agus na polasaithe cuntasáíochta atá leagtha amach ar leathanach 12.

Déantar an tuarascáil seo chuig comhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990. Tugadh faoinár gcuid obair iniúchta le go bhféadfaimis a rá le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a éilítear i dtuarascáil iniúchára agus ní chun aon chríoch eile. A mhéid ar chor ar bith agus is féidir sin sa dlí ní ghlacaimid agus ní thugaimid freagracht ó thaobh aon duine ach amháin an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht faoinár gcuid obair iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá roicthe againn.

### **Freagrachtaí faoi seach stiúirthóirí agus iniúchóirí**

Faoi mar a míníodh ar leathanach 2 tá stiúirthóirí na cuideachta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus de réir na gcaighdeán cuntasáíochta mar atáid arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasáíochta.

Tá d'fhreagracht orainn tuairim neamhspleách atá bunaithe ar ár n-iniúchadh a cheapadh faoi na ráitis sin agus ár dtuairim a thuairisciú daoibhse. Tuairiscimid ár dtuairim daoibh maidir le cé acu an dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom de réir na gcleachtas Cuntasáíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn, agus maidir le cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh de réir Acht na gCuideachtaí 1963 go 2009 iad. Chomh maith leis sin tuairiscimid ár dtuairim i dtaca leis na nithe seo a leanas daoibh: cé acu ar choinnigh nó nár choinnigh an chuideachta leabhair chuntais chuí agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas a tugtar i dtuarascáil an Stiúirthóra agus i Ráiteas an Chathaoirligh ag teacht leis na ráitis airgeadais. De bhreis air seo deirimid cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas agus na míniúcháin go léir faighte againn atá ag teastáil uainn chun críocha an iniúchta agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil clár comhardaithe agus Brabús agus Cailteanas na cuideachta ar aon dul leis na leabhair chuntais.

### **Bonn na Tuairime**

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta arna n-eisiúint ag an mBord Cleachtas Iniúcháireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus na noctaí sna ráitis airgeadais. Áirítear ann

freisin measúnú ar na meastacháin mhóra agus na breithiúnais a dhéanann na stiúirthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus cibé an bhfuil na polasaithe cuntasáíochta cuí ó thaobh imthosca na cuideachta, ar cuireadh i bhfeidhm go comhleanúnach iad agus ar nochtadh go leordhóthánach iad.

Phleanálar agus rinneamar ár n-iniúchadh chun go bhfaighimis gach eolas agus míniúcháin ba dhóigh linn a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a thabhairt dúinn chun cinnteacht réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhí-ráiteas ábhair, cibé an calaois faoi deara é nó aon neamhrialtacht nó earráid eile. Agus muid ag teacht ar ár dtuairim rinneamar luacháil ar leordhóthanacht tríd is tríd chur i láthair eolais sna ráitis airgeadais.

### **Áitribh ar Léas**

Is le hOifig na nOibreacha Poiblí an t-áitreabh. Glactar leis agus na cuntais seo á n-ullmhú gur 'Peppercorn Rent' a bheidh sa chíos is iníochta le Oifig na nOibreacha Poiblí.

### **Tuairim**

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart agus cothrom ar staid ghnóthaí na cuideachta amháin an 31 Nollaig 2009 agus ar na torthaí don bhliain a chríochnaigh ansin agus go bhfuil siad ullmhaithe go ceart de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009.

Fuaireamar gach eolas agus míniúchán ba dhóigh linn a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim gur cothabháil an chuideachta leabhair chuntais chearta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair cuntais.

Is é ár dtuairim, an eolais a dtugann sna thuarascáil stiúirthóirí ar leathanaigh 2 agus i Ráiteas an Chathaoirligh ar leathanaigh 3 go 7 comsheasmhach le na ráitis airgeadais


**Hayden Brown,  
Iniúchóirí Cairte  
Iniúchóirí Cláraithe  
Árais Grafton  
34 Sráid Grafton  
Baile Átha Cliath 2  
24ú Márta 2011**

**CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS AGUS RÁITEAS AR BHRABÚIS  
CHOINNITHE DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010**


		2010	2009
	NOTE	€	€
OLL-IONCAIM		4,449,860	4,718,848
Costais Tionscnaimh		(2,645,609)	(2,722,406)
Costais Bunaíochta		(992,953)	(874,630)
Costais Riaracháin		(388,808)	(573,057)
Costais Foirne	2	(2,987,218)	(2,980,605)
Dímheas	5	(24,289)	(24,289)
		(2,589,017)	(2,456,139)
Aistriú ón gCúlchiste Orgán	8	20,344	20,344
Deontas i gCabhair		2,867,700	3,205,000
Costais Athrúcháin		(123,364)	(217,561)
(Cailteanas) / Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Dochta		8,000	5,000
Brabús Ar Ghnáth-Ghníomhaíochtaí Roimh Cáin	3	183,663	556,644
Cánachas	4	-	-
Brabús Ar Ghnáth-Ghníomhaíochtaí Tar Éis Cáin		183,663	556,644

Is cuid lánpáirteach den Chuntas Brabúis agus cailteanais seo iad na nótaí atá ag gabháil leis.

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais amhail an 24ú Márta 2011 arna shíniú thar a gceann ag:-



**David Byrne**  
Stiúrthóir



**Dermot Egan**  
Stiúrthóir

**RÁITEAS D'IOMLÁN GNÓTHACHÁIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA  
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010**


	2010	2009
	€	€
Brabús Don Bhliain Airgeadais	183,663	556,644
Scéim Leanáí Agus Céilí Foirne	12,065	12,259
Iomlán Gnóthachain Agus Cailteanais Aitheanta Don Bhliain	195,728	568,903
<b>Nóta Ar Chostas Stairiúil Bhrabúis</b>		
Brabús Tuariscithe ar Ghnáth Ghníomhaíochtaí roimh Cáin	183,663	556,644
Réadú Athluacháil Ghnóthachan Maoine na mblianta roimhe sin	0	0
	183,663	556,644
Costas Stairiúil Brabúis Ar Ghnáth Ghníomhaíochtaí Roimh Cáin	183,663	556,644
Costas Stairiúil Bhrabúis Don Bhliain Aiscurtha Tar Éis Cáin	183,663	556,644

**CLÁR COMHORDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2010**


	Note	2010 €	2009 €
<b>Sócmhainní In Úsáid</b>			
Sócmhainní Dochta			
Sócmhainní Inláimhsithe	5	221,034	245,323
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Féichiúnaithe (Méideanna a bheidh dlíthe laistigh de bhliain)	6	282,629	217,525
Airgead tirim sa bhanc agus ar Láimh		4,887,131	4,631,826
		5,169,760	4,849,351
CREIDIÚNAITHE (Méideanna a bheidh dlíthe laistigh de bhliain)	7	(3,001,359)	(2,905,404)
<b>Glan Sócmhainní Reatha</b>		<b>2,168,401</b>	<b>1,943,947</b>
<b>Sócmhainní Iomlán Lúide Dlíteanais Reatha</b>			
		<b>2,389,435</b>	<b>2,189,270</b>
<b>Arna Mhaoiniú Ag :- Caipiteal Agus Cúlchistí</b>			
Cuntas Brabúis agus Caillteanals	9	1,916,342	1,732,679
Cúlchistí Eile	8	473,093	456,591
		<b>2,389,435</b>	<b>2,189,270</b>

Is cuid lánpháirteach den chlár chomhordaithe iad na nótaí agus na Beartais Chuntasaíochta atá ag gabháil leis.

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais amhail an 24ú Márta 2011 arna shíniú thar a gceann ag :-



**David Byrne**  
Stiúrthóir



**Dermot Egan**  
Stiúrthóir

**RÁITEAS SREABHADH AIRGID  
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010**

	2010 €	2009 €
<b>Glan Insreabhadh Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Oibríúcháin :-</b>		
Brabús/(Caillteanas) Gníomhaíochta roimh Ús	48,776	390,954
(Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Dochta	(8,000)	(5,000)
Costais Dímhheasa	24,289	24,289
Aistriú ón gCúlchiste Orgán	(20,344)	(20,344)
(Méadú) / Laghdú ar Féichiúnaithe	(65,104)	102,446
(Laghdú) / Méadú ar Chreidiúnaithe	(119,086)	(128,782)
	<b>(139,469)</b>	<b>363,563</b>
<b>Aisíoc Ar Infheistíocht Agus Fónamh A Dhéanamh Ar Airgeadas</b>		
Ús Faighte	134,887	165,690
	<b>(4,582)</b>	<b>529,253</b>
<b>Gníomhaíochtaí Infheistíochta :-</b>		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Dochta Inláimhsithe a cheannach	-	-
Réadaitha as Díol Sócmhainní Inláimhsithe	8,000	5,000
	<b>8,000</b>	<b>5,000</b>
<b>Airgeadú :-</b>		
Méadú i gCúlchistí Eile	36,846	27,041
Méadú In Airgead Tirim Agus Coibhéisigh Airgead Tirim	40,264	561,294

## NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Is iad seo a leanas na mórbheartais chuntasaíochta a ghlac an chuideachta agus a feidhmíodh go comhleánach le linn na bliana agus an bhliain roimhe sin:-

#### (a) Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn. Is é atá i gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn i dtaca le hullmhú ráiteas airgeadais ina dtugtar léargas fíor cothrom ná iad siúd atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus atá eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta

#### (b) Sócmhainní Inláimhsithe agus dímhneas

Tá sócmhainní inláimhsithe ráite ag costas lúide dímhneas carnaithe.

Ríomhtar muirear dímhneas sna Cuntais chun leabharluach gach Sócmhainn Dhocht a dhíscríobh le linn a shaolré ionchasaigh ar bhonn líne díri ag na rátaí seo a leanas:-

Athruithe ar Áitreabh ar Léas	:10 go 50 bliain
Steinway Pianoforte	:5 Bliana
Córas Sonraí Ríomhaire	:5 Bliana
Trealamh Oifige agus Lónadóireachta	:5 Bliana
Píborgán	:25 Bliana
Córas Aimplitheoirí agus Callairí:	:5 Bliana

#### (c) Cánachas Curtha Siar

Soláthraítear cánachas curtha siar faoin modh dliteanais ar gach dífríocht amála ábhair a mhéid a mheastar a bheidh sé iníoctha amach anseo ón méid is léir.

#### (d) Deontas i gCabhair - Reatha

Is é an deontas i gcabhair reatha an fóirdheontas is infhaighte ón Rialtas don Bhliain Féilire.


#### (e) Deontais Chaipitil

Déantar deontais bunaithe ar dheontais a chreidiúnú in aghaidh chostas sócmhainní do-chta. Luach na deontais chaipitil a fuarthas ón Rialtas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010 sin €244,000 san iomlán.

## DEIMHNIÚ STIÚRTHÓRA AGUS RÚNAÍ

Deimhnímid :-

Gur cóip fhírinneach de na cuntais a cuireadh faoi bhráid Chruinniú Ghinearálta Bliantúil Ginearálta na cuideachta iad na cuntais atá leagtha amach ar leathanaigh 1 go 15.



**David Byrne**  
Stiúrthóir



**John Nolan**  
Rúnaí

Dátaithe 24Ú Márta 2011

2. Fostaithe Agus Luach Saothair	2010	2009
Ba é an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an gcuideachta sa bhliain airgeadais ná 113 (2009:119) agus tá siad anailísithe sna catagóirí seo a leanas:-	Lion na bhFostaithe	
Tacaíocht Ceolchoirmeacha	83	84
Riarachán	29	29
	<u>112</u>	<u>113</u>
	<b>2010</b>	<b>2009</b>
	€	€
Tá na costais fhoirne comhdhéanta de:		
Pá agus Tuarastail	2,590,056	2,688,933
Costais Leasa Shóisialaigh	245,548	261,263
Costais Phinsin	151,614	30,409
	<u>2,987,218</u>	<u>2,980,605</u>
	<b>2010</b>	<b>2009</b>
	€	€
<b>3. Brabús Ar Ghnáth-Ghníomhaíochtaí Roimh Cháin</b>		
Luach Saothair an Chathaoirligh	9,450	9,625
Luach Saothair na nIníochóirí	24,840	30,360
Luach Saothair Iniúcháir Seirbhísí Neamhniúchta	4,858	4,858
Dímhneas	24,289	24,289
Deontas i gCabhair	(2,867,700)	(3,205,000)

#### 4. Cánachas

De bharr cailteanas tugtha ar aghaidh agus Alt 32 den Acht Airgeadais 1984 ní raibh aon mhuirear cánachais i gceist.

5. Sócmhainní Dochta Inláimhsithe	Iarmhéid Tosaigh	Breise	Diúscairtí	Iarmhéid Deiridh
<b>Costas</b>	€	€	€	€
Aimplitheoirí agus Córas Callairí	3,950	0	0	3,950
Athruithe ar Áitreabh Léasach	214,087	0	0	214,087
Píborgán	508,606	0	0	508,606
Córas Sonraí Ríomhairí	60,608	0	0	60,608
Trealamh Lónadóireachta Oifige agus Eile	261,022	0	0	261,022
Pianoforte Steinway	52,880			52,880
Córas Teileafóin	6,570	0	0	6,570
	<u>1,107,723</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>1,107,723</u>

	Iarmhéid Tosaigh	Breise	Diúscairtí	Iarmhéid Deiridh
<b>Dímheas</b>	€	€	€	€
Aimplitheoirí agus Córas Callairí	3,938	0	0	3,938
Athruithe ar Áitreabh Léasach	97,968	3,945	0	101,913
Píborgán	379,756	20,344	0	400,100
Córas Sonraí Ríomhairí	60,541	0	0	60,541
Trealamh Lónadóireachta Oifige agus Eile	260,768	0	0	260,768
Pianoforte Steinway	52,875	0	0	52,875
Córas Teileafóin	6,554	0	0	6,554
	<u>862,400</u>	<u>24,289</u>	<u>0</u>	<u>886,689</u>
	<b>31.12.09</b>			<b>31.12.10</b>
	€			€
<b>Glan-Luach Leabhair</b>	245,323			221,034
<b>6. Féichiúnaithe</b>	<b>2010</b>	<b>2009</b>		
	€	€		
Féichiúnaithe Trádála	15,206	15,698		
Costais Réamhíoctha	247,314	166,676		
CBL	20,109	35,151		
	<u>282,629</u>	<u>217,525</u>		



<b>7. Creidiúnaithe</b>	<b>2010</b>	<b>2009</b>
	€	€
<b>Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain</b>		
Creidiúnaithe Trádála	783,817	737,451
ÍMAT/ÁSPC	86,843	93,887
Ilchreidiúnaithe agus Fabhruithe	270,335	242,805
Rótharraingt bainc	356,462	141,422
Réamh-áirintí agus Éarlais	1,503,902	1,689,839
	<u>3,001,359</u>	<u>2,905,404</u>

<b>8. Culchistí Eile</b>	<b>2010</b>	<b>2009</b>
	€	€
Scéim Pinsin Céilí	124,210	112,146
Cúlchiste Orgán	108,503	128,847
Scéim AVC	159,366	134,584
Cúlchiste Oideachais agus For - rochtana	81,014	81,014
	<u>473,093</u>	<u>456,591</u>

Is léiriú é an Cúlchiste Orgán ar bhronntanais a fuarthas chun orgán a chur ar fáil don Cheoláras Náisiúnta nó airgead a chur ar fáil chun orgán a cheannach nó chun cúnamh a thabhairt orgán a cheannach, nó aon chúnamh eile a thabhairt arna aontú ag na hlontaobhaithe.

Beidh an Cúlchiste Órgan á dhíscríobh do Chuntas Bhrabúis agus Cailteanais thar thréimhse cúig bhliana is fiche ag teacht leis an mbeartas dímhéasa.

An 8 Márta 2009 thug Anne Sophie Mutter ceolchoirm agus tugadh an fáiltas as don Cheoláras Náisiúnta le húsáid a bhaint as don Chlár Oideachais agus For-Rochtana go heisiach.

<b>9. Réiteach Gluaiseachta Sa Chuntas Brabúis Agus Cailteanais</b>	<b>2010</b>	<b>2009</b>
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	1,732,679	1,176,035
Barrachas don bhliain	183,663	556,644
Iarmhéid Deiridh	<u>1,916,342</u>	<u>1,732,679</u>

#### **10. Scairchaipiteal**

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í Cuideachta an Cheolárais Náisiúnta nach bhfuil aon scairchaipiteal leis an bhfocal “Teoranta”, ar lár ag Ceadúnas an Aire Tionscail, Tráchtála agus Turasóireachta.

#### **11. Pinsin**


Cuireadh Scéim Pinsin Foirme an Cheolárais Náisiúnta i bhfeidhm an 1ú Iúil 1987. Titfidh caiteachas ar phinsin agus cnapshuimeanna ar acmhainní an Cheolárais mar a bheidh siad iníoctha. Caithfear an caiteachas sin a thógáil san áireamh i ríomh an Deontas i gCabhair. Cuireadh scéim na leanaí agus na gcéilí i bhfeidhm an 1ú Meán Fómhair 1987.

#### **12. Caiteachas Caipitil**


Ba é an Caiteachas Caipitil a tabhaíodh dó ag 31ú Nollaig 2010 ná €Neamhní.

#### **13. Ceadú Stiúrthóirí**

Cheadaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais amhail an 24ú Márta 2011 agus arna shíniú thar a gceann ag:-



**David Byrne**  
Stiúrthóir



**Dermot Egan**  
Stiúrthóir

#### 14. BORD AN CHEOLÁRAIS NÁISIÚNTA - FREASTAL AR CHRUINNITHE 2010

	D. Byrne	S. Braiden	D. Byers	D. Dowling	D. Egan	C. Goan	R. Holstead	F. Hunt	P. Moloney	N. Ó Donnchú	I. O'Donovan	P. Slavin	C. Ryan	M. Ryan	K Thompson
Eanáir 28 2010	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Ní raibh	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh
Márta 24 2010	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí
Márta 24 2010 CCB	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí
Bealtaine 27 2010	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí
Iúil 14 2010	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí
Meán Fómhair 15 2010	Bhí	Bhí	Ní raibh	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí
Samhain 25 2010	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Ní raibh	Bhí	Bhí	Bhí

#### 15. AN CEOLÁRAS NÁISIÚNTA - COSTAIS ÍOCTHA LE STIÚRTHÓIRÍ 2010

	D. Byrne	S. Braiden	D. Byers	D. Dowling	D. Egan	C. Goan	R. Holstead	F. Hunt	P. Moloney	N. Ó Donnchú	I. O'Donovan	P. Slavin	C. Ryan	M. Ryan	K Thompson
Costais íoctha in 2010	Dada	€504.72	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada

Míleáiste	€75.60
Lónadóireacht	€371.90
Tacsaí	€46.30
Postas	€10.92

#### 16. AN CEOLÁRAS NÁISIÚNTA - DÍOLAÍOCHT AN CHATHAOIRLIGH 2010

	D. Byrne
Díolaíocht an Chathaoirligh	€9,450

#### 17. AN CEOLÁRAS NÁISIÚNTA - TUARASTAL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH 2010

	J. Woodworth
Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh	€110,958